

Tinreamh Scoile

Réasúnacht

Cuireadh an polasaí seo le chéile le cuidiú leis an Bord Bainistíochta agus le foirne na scoile déileáil le tinreamh sa scoil. Go mbeidh a fhios againn cad iad na céimeanna le glacadh dá mbeadh fadhb sa scoil le tinreamh.

An Gaol le spiorad saineúil na scoile

Sé cothromaíocht do gach uile páiste ár meon sa scoil seo. Tríd an polasaí seo tá muid ag súil le seo a chinntiú.

Aidhmeanna

Seo a leanas na h-aidhmeanna atá ag an scoil maidir le tinreamh:

- go mbeidh tinreamh maith sa scoile.
- nach gcailleann na páistí amach ar an obair scoile agus nach dtiteann siad ar gcúl ina gcuid oibre.

Treoiríníte

Straitéisí chun tinreamh maith a spreagadh:

- Déanfar cinnte go bhfuil atmaisféar dearfa sa scoile, go mbeidh na páistí sásta teacht na scoile.
- Glacfar leis gur féidir le páistí a bheith mall ó am go ham. Cuirfear fáilte roimh na páistí.
- Moltar do pháistí nóta a bheith leo muna bhfuil obair bhaile déanta. Le cinntiú nach bhfuil eagla ar an pháiste teacht isteach na scoile.
- Droch-thinreamh - Tar éis 15 lá a chailleadh ón scoile cuirfear meabhrúcháin na bhaile. Nuair atá 20 lá cailte ag an páiste cuirfear an t-eolas seo ar aghaidh chuig an N.E.W.B.
- Iarrfar ar thuismitheoirí nóta a chur na scoile le cúis cén fáth a raibh a bpáiste as láthair.
- Níl fadhb ag na múinteoirí teagmháil a dhéanamh le thuismitheoirí maidir le tinreamh.

- Déanann na múinteoirí cinnte go dtuigeann na tuismitheoirí gur féidir leo labhairt leis na múinteoirí.

Tuismitheoirí an tAcht Oideachais

D'inis na múinteoirí do na tuismitheoirí faoi An tAcht Oideachas 2000 ag cruinniú cóiste na dtuismitheoirí nuair a tháinig an tAcht amach. Míniú díofa faoi na himpleachtaí chomh maith. Cuireadh litir amach ag gach teaghlach ina dhiaidh sin. Déanfar tagairt ar i nuachtlitr ó am go ham. Cuirtear tuismitheoirí úra ar an eolas ar an lá iontrála dá pháistí úra.

Tugadh le fios do gach tuismitheoir go gcaithfidh siad nóta a thabhairt isteach má tá a bpáiste as láthair.

Cuirfear litir na bhaile má tá 15 lá cailte ag páiste le cur i gcuimhne díofa faoin Acht Oideachas 2000.

Taifid maidir le tinreamh

- Is é an Leabhar Rolla an taifid tinreamh atá sa scoil faoi láthair ach tá Aladdin againn fosta. Beidh muid ag cur deireadh leis an leabhar tinreamh i bliana (2017) ach ba bhreá leis an fhoireann an rolla a choinneáil ag dul go dtí go bhfuil an leabhar rolla líonta.
- Coinnítear na nótaí a sheolann tuismitheoirí isteach maidir le tinreamh i gclúdach i gcúl an leabhar rolla.
- Iarrfar ar thuismitheoirí do pháistí úra taifid tinreamh ón tsean scoil a thabhairt don múinteoir.
- Tá an Príomhoide sásta eolas tinreamh a thabhairt don scoil úr mar tugann na tuismitheoirí cead.
- Beidh an tinreamh le clárú ag “Chipmunk” & curtha ar aghaidh chuig N.E.W.B trí uair sa bhliain.

Straitéis i cásanna droch-thinreamh

- Cuirfear isteach sonraí tinrimh chuig an Roinn 3 uair sa bhliain.
- Teann na múinteoirí fríd na nótaí le feiceáil cén fáth a raibh an páiste as láthair.
- Labhrófar leis na tuismitheoirí.
- Cuirfear an fhoirm chuig an Roinn.

Rólanna agus freagracht

Tuismitheoirí – Cinnte a dhéanamh go bhfuil a gcuid páistí ag dul na scoile.
Nóta /teastas dochtúra a thabhairt don múinteoir.

Múinteoirí – Nótaí a choinneáil.

Leas Príomhoide – Nótaí/teastais a choinneáil.

Rolla a choinneáil

Fáil i dteagmháil le tuismitheoirí

Foirmeacha tinreamh a líonadh agus a chur ar shiúil chuig an Roinn.

Bord Bainistíocht – An Polasaí seo a chur le chéile agus athbhreithniú a dhéanamh ar.

Critéir Ratha

Cloífidh na múinteoirí leis an mhéid atá leagtha amach sa pholasáí. Spreagfaidh sé na páistí freastal ar an scoil agus na chaillfidh siad amach ar rudaí tábhachtach.

Is féidir feiceáil go bhfuil an polasaí tinreamh éifeachta mar nach bhfuil fadhb tinreamh sa scoil.

